# Maoiniú Státchiste Páirtithe Polaitíochta
# Sa bhliain 2021

*Tuarascáil don Cheann Comhairle de bhun a ghabhann le halt 4(1) den Acht Toghcháin 1997*

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission


**Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí**
**6 Ardán Phort an Iarla,**
**Baile Átha Cliath 2**
**D02 W773**

**Teileafón: (01) 639 5666**
**Ríomhphost: info@sipo.ie**
**Súiomh gréasáin: www.sipo.ie**
**Twitter: @SIPOCIreland**


**Lúnasa 2022**

# Clár an ábhair

Réamhrá ........ 3

Caibidil 1: Réamhrá ........ 4

Caibidil 2: Na cuspóirí dá gcuirtear maoiniú Státchiste ar fáil ........ 5

Caibidil 3: Ráitis caiteachas ar mhaoiniú Státchiste agus tuarascálacha iniúchóirí a thabhairt ........ 6

Caibidil 4: Ráitis caiteachais ar mhaoiniú Státchiste a fhoilsiú ........ 8

Aguisín: Sonraí maoinithe agus caiteachais ........ 9

# Réamhrá

Tá áthas orm an tuarascáil seo a chur ar fáil don Cheann Comhairle de réir alt 4(1) den Acht Toghcháin 1997. Baineann an tuarascáil le ráitis bhliantúla ar chaiteachas maoinithe an Státchiste agus tuarascálacha iniúchóirí reachtúla gaolmhara, maidir le 2021, a cuireadh ar fáil don Choimisiún ag páirtithe polaitíochta cáilithe de bhun alt 20 den Acht.



___________________

Garrett Sheehan
Cathaoirleach
Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Lúnasa 2022

# Caibidil 1: Réamhrá

Baineann an tuarascáil seo le ráitis caiteachais ar mhaoiniú Státchiste agus tuarascálacha iniúchóirí reachtúla gaolmhara (dá dtagraítear i gcomhpháirt mar "na ráitis"), i leith 2021, a chuir páirtithe polaitíochta cáilithe ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún).

Chun cáiliú do mhaoiniú faoin Acht Toghcháin 1997 (an tAcht), ní mór páirtí polaitíochta a bheith san áireamh i gClár na bPáirtithe Polaitíochta agus ní mór dó ar a laghad 2% de na vótaí céadrogha a bheith faighte aige san olltoghchán Dála deiridh. Bunaithe ar thorthaí an olltoghcháin a reáchtáladh an 8 Feabhra 2020, cháiligh seacht bpáirtí polaitíochta do mhaoiniú Státchist faoin Acht in 2021. Fianna Fáil, Fine Gael, an Comhaontas Glas, an Páirtí an Lucht Oibre, Sinn Féin, Daonlathaigh Sóisialta agus Pobal Roimh Bhrabús/Dlúthphairtíocht.

Íoctar gach páirtí polaitíochta cáilithe go bliantúil

a) Ráta comhréidh €126,974 agus
b) Sciar de shuim bhliantúil a socraíodh in 2001 ag €3,809,214 agus a mhéadaigh de réir arduithe ginearálta pá sa Státseirbhís.

Cinntear an sciar den chiste le híoc le páirtí polaitíochta cáilithe trí vótaí céad rogha an pháirtí cháilithe a chur in iúl mar chéatadán d'iomlán na vótaí céadrogha a fhaigheann gach páirtí polaitíochta cáilithe.

B'ionann ciste 2021, lena n-áirítear an ráta comhréidh, ná €5,849,389.

Léirítear sonraí na n-íocaíochtaí a rinneadh leis na páirtithe polaitíochta cáilitheach maidir le 2021 i dTábla 1 den Aguisín.

## Caibidil 2: Na cuspóirí dá gcuirtear maoiniú Státchiste ar fáil

Mar a fhoráiltear in Alt 18 den Acht, ní mós cistí Státchiste a fhaigheann páirtithe cáilithe a chur i bhfeidhm mar a fhoráiltear le dlí. Ligeann sé seo an maoiniú a úsáid le haghaidh "gnóthaí an pháirtí a sheoladh agus a bhainistiú go ginearálta agus chun aon cheann dá chuspóirí a shaothrú go dleathach". Gan dochar do ghinearáltacht na forála seo, sonraítear sa reachtaíocht go bhféadfar an maoiniú a chur i bhfeidhm ar aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas:

- Riarachán ginearálta an pháirtí,
- Taighde, oideachas agus oiliúint,
- Ceapadh beartais,
- Gníomhaíochtaí na gcraobhacha agus chomhaltaí an pháirtí a chomhordú,
- Rannpháirtíocht na mban i ngníomhaíocht pholaitiúil a chur chun cinn, agus
- Rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíocht pholaitiúil a chur chun cinn.

Ní féidir an maoiniú a fhaightear a chur i bhfeidhm ar costais toghcháin nó reifrinn, ná a úsáid chun chostais toghcháin nó reifrinn a fhorchúiteamh. Éilíonn an Coimisiún ar oifigeach cuí an pháirtí a dheimhniú nár úsáideadh aon chuid den mhaoiniú chun críocha toghcháin nó reifrinn. Dúirt gach ceann de na seacht n-oifigeach cuí a chuir tuairisceáin isteach don bhliain 2021 nár úsáideadh an maoiniú chun cuspóirí dá leithéid.

Seachas toirmisc ar úsáid an mhaoinithe i ndáil le costais toghcháin nó reifrinn, tá an t-Acht an-ghinearálta maidir le conas is féidir an maoiniú a chur i bhfeidhm. Tá sé ráite ag an gCoimisiún roimhe seo nach ndéantar aon tagairt san Acht do chaiteachas caipitil nó reatha, agus ní shonraítear ann cé acu is féidir maoiniú a úsáid le haghaidh caiteachais chaipitil nó reatha. Níl aon fhoráil dhlíthiúil ann freisin maidir le huainiú an chaiteachais, agus cé acu ar cheart nó nár cheart méideanna nár úsáideadh a thabhairt ar ráis don Státchiste. Tá an Coimisiún den tuairim i gcónaí go bhfuil gá le níos mó soiléire sna cúrsaí seo.

## Caibidil 3: Ráitis caiteachas ar mhaoiniú Státchiste agus tuarascálacha iniúchóirí a thabhairt

Ní mór d'oifigeach cuí gach páirtí cháilithe ráiteas a thabhairt don Choimisiún gur cuireadh an maoiniú a fuarthas i leith na bliana tuairiscithe i bhfeidhm ar chuid de na cuspóirí nó ar na cuspóirí go léir dá dtagraítear in alt 18. Ní mór go léireodh an ráiteas freisin na hábhair iarbhír ar cuireadh an maoiniú i bhfeidhm orthu, lena n-áirítear na méideanna a cuireadh i bhfeidhm chun rannpháirtíocht na mban agus na ndaoine óga i ngníomhaíocht pholaitiúil a chur chun cinn. Ní mór d'iniúchóir reachtúil an ráiteas a iniúchadh agus ní mór cóip de thuarascáil an iniúchóra a chur ar fáil don Choimisiún in éineacht leis an ráiteas.

Léiríonn Tábla 2 den Aguisín an miondealú i leith 2021 ar an gcaiteachas a chuir na páirtithe ar fáil faoi na ceannteidil atá leagtha amach in alt 18 den Acht.

Ní dhéanfar aon íocaíocht le páirtí cáilithe tar éis an 30 Aibreán in aon bhliain mura rud é agus go dtí -

(i) go dtabharfaidh an páirtí don Choimisiún ráiteas caiteachais ar mhaoiniú Státchiste agus tuarascáil iniúchóirí reachtúla gaolmhara, ráiteas síntiús agus dearbhú reachtúil (a cheanglaítear faoi alt 24(1)(b) den Acht), agus

(ii) go mbeidh cóip de na ráitis seo tugtha ag an gCoimisiún don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus go bhfuil sé deimhnithe aige go bhfuil forálacha ábhartha na reachtaíochta agus na dtreoirlínte arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún á gcomhlíonadh acu.

Tá fógra tugtha ag an gCoimisiún don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gur chuir gach ceann de na seacht bpáirtí cáilithe a gcuid ráiteas caiteachais ar mhaoiniú Státchiste agus tuarascálacha iniúchóra reachtúla gaolmhara do 2021 isteach.

Mar a tugadh faoi deara ina thuarascáil 2020 ar mhaoiniú státchiste do pháirtithe polaitíochta faoin Acht Toghcháin 1997, theip ar Renua na doiciméid riachtanacha a chur isteach faoin spriocdháta reachtúil do thuairisceán an pháirtí do 2020. Tá an tuairisceán fós gan réiteach tráth scríofa na tuarascála seo. Toisc nach páirtí cáilithe é an páirtí a thuilleadh, níl aon íocaíochtaí breise dlite dó. Dá réir sin, ní féidir aon ghníomhaíocht bhreise a dhéanamh i gcoinne Renua mar gheall ar mhainneachtain a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh nó mar gheall ar chomhlíonadh déanach.

Tá an Coimisiún den tuairim nach bhfuil an cás seo inghlactha. I gcás ina bhfuil cistí poiblí faighte ag páirtí agus go theipeann sé air cuntas a thabhairt i gcaiteachas na gcistí sin mar a cheanglaítear leis an Acht, ba cheart go bhforálfadh an tAcht do smachtbhanna. Molann an Coimisiún gur chóir gur cion é mainneachtain tuairisceáin reachtúla ar chaiteachas cistí poiblí a sholáthar, faoi réir ionchúisím, faoin alt seo den Acht agus faoin Acht um Oifigí Aireachta agus Parlaiminte 1938, a dhéanann foráil don Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte.

## Caibidil 4: Ráitis caiteachais ar mhaoiniú Státchiste a fhoilsiú

Thug an Coimisiún cóip de na ráitis caiteachais ar mhaoiniú Státchiste agus de thuarascálacha iniúchóirí reachtúla gaolmhara, a fuarthas i leith 2021 don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá na ráitis a thug páirtithe polaitíochta cáilithe curtha faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais inniu ag an gCoimisiún. Tá na doiciméid ar fáil ar shuímh gréasáin an Choimisiúin ag www.sipo.ie.

Tá na ráitis a tugadh dó curtha ar fáil don phobal ag an gCoimisiún freisin lena n-iniúchadh agus lena gcóipeáil ag a oifigí ag 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773.

# Aguisín: Sonraí maoinithe agus caiteachais

## Tábla 1 Maoiniú faighte ag páirtithe polaitíochta cáilithe in 2021*

| Páirtithe Polaitíochta Cáilithe | Iarmhéid deiridh 2020<br>€ | Maoiniú a fuarthas do 2021<br>€ | Caiteachas an mhaoinithe do 2021<br>€ | Iarmhéid deiridh 2022<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| **Fianna Fáil** | 300,452 | 1,427,140 | 943,986 | **783,606** |
| **Fine Gael** | 321,740 | 1,350,251 | 1,106,975 | **565,016** |
| **An Comhaontas Glas** | — | 545,150 | 538,839 | **6,311** |
| **Sinn Féin** | 36,122 | 281,248 | 237,878 | **79,491** |
| **Na Daonlathaithe Sóisialta** | 1,299,585 | 1,565,044 | 1,091,040 | **1,773,589** |
| **Dlúthpháirtíocht/Pobal roimh Bhrabús** | 172,920 | 297,121 | 214,559 | **255,482** |
| **Páirtí an Lucht Oibre** | 380,998 | 383,435 | 527,367 | **237,066** |
| **Iomlán** | **2,511,816** | **5,849,389** | **4,660,644** | **3,700,561** |

**Seans nach ionann na hiomláin mar gheall ar shlánú.*

## Tábla 2 Caiteachas mhaoiniú an Státchiste do 2021 arna nochtadh ag páirtithe*

| Páirtithe Polaitíochta Cáilithe | Riarachán Ginearálta € | Taighde, Oideachas agus Oiliúint € | Ceapadh Beartas € | Craobhacha agus Comhaltaí a Chomhordú € | Rannpháirtíocht Ban € | Rannpháirtíocht Óige € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Fianna Fáil | 778,124 | 34,996 | 30,000 | 43,279 | 42,038 | 15,549 | **943,986** |
| Fine Gael | 929,404 | 18,237 | — | 94,362 | 25,414 | 39,558 | **1,106,975** |
| An Comhaontas Glas | 390,310 | 22,438 | 9,731 | 96,868 | 14,942 | 4,550 | **538,839** |
| Sinn Féin | 37,106 | 1,550 | — | 199,222 | — | — | **237,878** |
| Na Daonlathaithe Sóisialta | 536,175 | 82,727 | 18,139 | 347,229 | 62,993 | 43,777 | **1,091,040** |
| Dlúthpháirtíocht/Pobal roimh Bhrabús | 182,616 | — | 19,897 | 7,246 | — | 4,800 | **214,559** |
| Páirtí an Lucht Oibre | 440,936 | — | 18,761 | — | 29,710 | 37,960 | **527,367** |
| Iomlán | **3,294,671** | **159,948** | **96,528** | **788,206** | **175,097** | **146,194** | **4,660,644** |

* *Seans nach ionann na hiomláin mar gheall ar shlánú.*